# RÚNAITHE CUIDEACHTA

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# Ráiteas Cóipchirt agus Séanta

Is leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an cóipcheart ar a bhfuil sa doiciméad seo. Féadfar an foilseachán seo ar fad, nó cuid de, a atáirgeadh gan aon chead eile, ar choinníoll go n-admhófar an fhoinse.

Ní dhéanfar aon ní atá anseo istigh a fhorléiriú mar léiriú ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, nó thar a cheann, ar an tuiscint nó an léirmhíniú atá aige ar aon cheann de na forálacha d’Acht na gCuideachtaí, 2014 (arna leasú), nó ar an léirmhíniú ar aon dlí.

Ba cheart comhairle dlí neamhspleách a lorg i ndáil leis na héifeachtaí atá ag aon fhoráil dlí.

Ní ghlacann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó aon dliteanas a eascróidh ar aon slí as a bhfuil san fhoilseachán seo nó as aon earráidí, aon mhíchruinnis nó aon easnaimh sa doiciméad seo. Forchoimeádann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an ceart chun gníomhaíocht a dhéanamh, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht sin i gcomhréir le forálacha an doiciméid seo.

CEA
Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# Clár Ábhar


**1.0 Réamhrá** 1

**2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Rúnaithe Cuideachta** 2

2.1 Cad is Rúnaí Cuideachta ann? 2

2.2 An Ceanglas chun Rúnaí Cuideachta a bheith ag Cuideachta 2

2.3 Cáilíochtaí Rúnaí Cuideachta 2

2.4 Ceapadh an Rúnaí Cuideachta 3

2.5 Dualgais an Rúnaí Cuideachta 3

2.5.1 Dualgais Reachtúla 4

2.5.2 An Dualgas chun Nochtadh 4

2.5.3 An Dualgas chun an Cúram Cuí, an Scil Chuí agus an Dúthracht Chuí a Fheidhmiú 5

2.5.4 Dualgais Riaracháin 5

2.6 Tuilleadh Faisnéise 6

2.7 Cumhachtaí Rúnaithe Cuideachta 6

**3.0 Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí** 7

3.1 Pionóis mar gheall ar Chionta Coiriúla 7

Pionóis arna bhForchur ag an gCúirt 7

3.2 Pionóis Shibhialta 8

Dícháiliú 8

Dícháiliú Uathoibríoch 8

Gealltanas maidir le Dícháiliú 9

Srian 9

Gealltanas maidir le Srian 9

Cuideachta a Bhaint den Chlár 10

# 1.0 Réamhrá

## Le hAcht na gCuideachtaí, 2014 ('Acht na gCuideachtaí' anseo ina dhiaidh seo), rinneadh Achtanna Cuideachtaí roimhe sin a chomhdhlúthú agus a leasú. Leis an Acht, cruthaíodh cineálacha nua cuideachta agus tugadh isteach roinnt athruithe ar róil páirtithe éagsúla i ndlí na gcuideachtaí.

Leis an Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001, bunaíodh Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus tugadh a feidhmeanna anonn le hAcht na gCuideachtaí. Le hAcht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021, bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ('an tÚdarás') agus forfheidhmeoidh sé anois dlí na gcuideachtaí in Éirinn.

Ceann amháin d'fheidhmeanna an Údaráis is ea comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a spreagadh. Dá réir sin, eiseoidh an tÚdarás sraith Leabhar Faisnéise ina dtabharfar breac-chuntas ar phríomhróil agus príomhfhreagrachtaí roinnt de na príomhghníomhaithe i ndlí na gcuideachtaí agus chun cabhrú le daoine nach gairmithe iad eolas níos fearr a ghnóthú ar a gcuid ceart agus oibleagáidí faoin dlí.

**Baineann na Leabhair Faisnéise ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach leis na topaicí seo a leanas:**

**Leabhar Faisnéise 1 – Treoir Aonair do Chuideachtaí**
**Leabhar Faisnéise 2 – Cuideachtaí**
**Leabhar Faisnéise 3 – Stiúrthóirí Cuideachta**
**Leabhar Faisnéise 4 – Rúnaithe Cuideachta**
**Leabhar Faisnéise 5 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí**
**Leabhar Faisnéise 6 – Iniúchóirí**
**Leabhar Faisnéise 7 – Creidiúnaithe**
**Leabhar Faisnéise 8 – Leachtaitheoirí, Glacadóirí agus Scrúdaitheoirí**

De bhreis ar na dualgais agus cumhachtaí iomchuí, tá faisnéis le fáil i ngach leabhar faoi na pionóis mar gheall ar mhainneachtain Acht na gCuideachtaí a chomhlíonadh.

Measann an tÚdarás go bhfuil sé tábhachtach gur cheart do dhaoine aonair a bhaineann leas as tairbhí agus pribhléidí an chorpraithe a bheith ar an eolas faoi na dualgais agus freagrachtaí comhfhreagracha. Tá na Leabhair Faisnéise sin ceaptha chun cur leis an bhfeasacht atá ag daoine aonair i ndáil leis na dualgais agus freagrachtaí sin.

Chomh maith leis sin, ullmhaíodh gach leabhar lena úsáid ag léitheoirí nach gairmithe iad chun príomhcheanglais dhlí na gcuideachtaí a dhéanamh níos fusa le tuiscint.

Athdhearbhaíonn an tÚdarás nach féidir an treoir seo a fhorléiriú mar ní lena dtairgtear léiriú ar éifeachtaí dlíthiúla fhorálacha iomchuí Acht na gCuideachtaí.

Tá sé tábhachtach a lua gurb amhlaidh, i gcás go bhfuil amhras ar léitheoirí faoina n-oibleagáidí dlíthiúla nó faoina gcearta, ba cheart dóibh comhairle ghairmiúil neamhspleách dlí nó cuntasaíochta a iarraidh de réir mar is cuí.

**An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
**Iúil 2022**

# 2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Rúnaithe Cuideachta

## 2.1 Cad is Rúnaí Cuideachta ann?

Is é rúnaí cuideachta an duine nó an comhlacht corpraithe ar cheap na stiúrthóirí é nó í chun dualgais agus feidhm an rúnaí a chomhlíonadh. Sainítear dualgais an rúnaí cuideachta i ndlí na gcuideachtaí. Féadfaidh an bord stiúrthóirí dualgais bhreise a chur leis sin, ar dualgais riaracháin iad de ghnáth. Dá bhrí sin, gníomhaíonn an rúnaí cuideachta de réir threoracha na stiúrthóirí agus is iad príomhfheidhmeanna an rúnaí cuideachta de ghnáth formhaoirseacht a dhéanamh ar riarachán laethúil na cuideachta agus a chinntiú go sonrach go gcomhlíonann an chuideachta an dlí agus go gcloíonn sí lena rialacháin féin.

## 2.2 An Ceanglas chun Rúnaí Cuideachta a bheith ag Cuideachta[1]

Ceanglaítear ar gach cuideachta le dlí rúnaí cuideachta, a fhéadfaidh a bheith mar dhuine de na stiúrthóirí, a bheith acu[2]. I gcás nach bhfuil ach stiúrthóir amháin ag cuideachta, ní fhéadfaidh an duine sin a bheith i seilbh oifig an rúnaí ar chuideachta[3].

**Ba cheart do gach duine, ar a cheapadh nó a ceapadh mar rúnaí cuideachta nó roimh an gceapadh sin, eolas a chur ar na dualgais agus na hoibleagáidí a ghabhann leis an bpost.**

## 2.3 Cáilíochtaí Rúnaí Cuideachta

Tríd is tríd, ní cheanglaítear ar dhuine aon cháilíochtaí foirmiúla a bheith aige nó aici chun teacht chun bheith ina rúnaí ar chuideachta phríobháideach. Tá dualgas ar stiúrthóirí gach cuideachta a chinntiú, áfach, go mbeidh ag an duine a cheapfar mar rúnaí na scileanna is gá chun a dhualgais nó a dualgais reachtúla agus dhlíthiúla eile agus cibé dualgais eile a fhéadfaidh na stiúrthóirí a tharmligean chuig an rúnaí a chomhlíonadh[4].

Chun go mbeidh an duine incháilithe chun teacht chun bheith mar rúnaí ar Chuideachta Phoiblí Theoranta, ní mór dó nó di ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha cáiliúcháin seo a leanas a chomhlíonadh[5]:

- shealbhaigh an duine oifig rúnaí ar chuideachta ar feadh 3 bliana ar a laghad de na 5 bliana díreach roimh a cheapachán nó a ceapachán mar rúnaí; nó
- is comhalta é nó í an duine de chomhlacht atá aitheanta chun na gcríoch sin ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta[6]; nó
- is duine é nó í an duine ar dealraitheach, de bhua go sealbhaíonn, nó gur shealbhaigh sé nó sí, aon phost eile, nó gur comhalta é nó í d'aon chomhlacht eile, do stiúrthóirí an CPT go bhfuil ar a chumas nó a cumas na dualgais mar rúnaí cuideachta a chomhlíonadh.

1. Alt 129 d'Acht na gCuideachtaí.
2. Alt 129(1) d'Acht na gCuideachtaí.
3. Alt 129(6) d'Acht na gCuideachtaí.
4. Alt 129(4) d'Acht na gCuideachtaí.
5. Alt 1112 d'Acht na gCuideachtaí.
6. D'aithin an tAire an Institiúid Rialachais Chorparáidigh chun na críche sin.

### Incháilitheacht

Sula gceaptar duine mar rúnaí cuideachta, ní mór do na stiúrthóirí a chinntiú go bhfuil an duine sin incháilithe chun an post sin a bheith aige nó aici. Tá daoine áirithe neamh-incháilithe chun bheith i seilbh oifige mar rúnaí cuideachta. Áirítear leo sin:

- duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois[7];
- féimheach neamhurscaoilte[8];
- duine atá dícháilithe ó ghníomhú mar stiúrthóir[9].

## 2.4 Ceapadh an Rúnaí Cuideachta

Ní mór an chéad rúnaí ar an gcuideachta a bheith ainmnithe sa ráiteas arna sheachadadh i dteannta an bhunreachta ar an gCláraitheoir le haghaidh clárúcháin[10]. Déantar ceapacháin ina dhiaidh sin chuig oifig an rúnaí ar chuideachta de réir bhunreacht na cuideachta. Tríd is tríd, déanann stiúrthóirí na cuideachta an rúnaí a cheapadh go ceann cibé tréimhse, agus ar cibé luach saothair agus coinníollacha, is cuí leo; agus féadfaidh siad aon rúnaí a cheapfar amhlaidh a chur as oifig[11]. Toilíonn an rúnaí ar chuideachta lena cheapadh nó lena ceapadh agus síníonn sé nó sí ráiteas san fhoirm fhorordaithe chun na héifeachta seo:

**"Admhaím go bhfuil, mar rúnaí, dualgais agus oibleagáidí dlíthiúla orm a fhorchuirtear le hAcht na gCuideachtaí, le reachtanna eile agus faoin dlí coiteann[12]".**

Is féidir le cuideachta rúnaí cúnta nó leasrúnaí a bheith aici, ar duine é nó í a fhéadfaidh gníomhú mar rúnaí mura bhfuil aon rúnaí in ann gníomhú nó má tá oifig an rúnaí ar chuideachta folamh[13]. Is féidir le cuideachta freisin níos mó ná rúnaí amháin a bheith aici, mar shamplaí comhrúnaithe[14].

## 2.5 Dualgais an Rúnaí Cuideachta

Féadfar cibé feidhmeanna agus dualgais a fhéadfaidh stiúrthóirí na cuideachta a tharmligean a shannadh do rúnaí cuideachta. Mar áis tagartha, aicmítear dualgais rúnaithe sna rannáin thíos mar a leanas:

- dualgais reachtúla;
- an dualgas chun nochtadh;
- an dualgas chun an cúram cuí, an scil chuí agus an dúthracht chuí a fheidhmiú, agus
- dualgais riaracháin.

7. Alt 131 d'Acht na gCuideachtaí.
8. Alt 132 d'Acht na gCuideachtaí.
9. Alt 838 d'Acht na gCuideachtaí.
10. Alt 22(2) d'Acht na gCuideachtaí.
11. Alt 129(3) d'Acht na gCuideachtaí.
12. Alt 226(5) d'Acht na gCuideachtaí.
13. Alt 22(3)(c) d'Acht na gCuideachtaí.
14. Alt 22(2)(b) d'Acht na gCuideachtaí.

## 2.5.1 Dualgais Reachtúla

Forchuirtear roinnt dualgas ar an rúnaí cuideachta le hAcht na gCuideachtaí. Níl ach dornán díobh sin mar fhreagracht eisiach an rúnaí, áfach. Ina ionad sin, is gnách gur cúraimí iad sin a fhéadfaidh an rúnaí agus stiúrthóir ar an gcuideachta a chomhlíonadh (nó a gceanglaítear ar an rúnaí agus stiúrthóir ar an gcuideachta iad a chomhlíonadh). Áirítear iad seo a leanas leo:

- an tuairisceán bliantúil a shíniú (rud a gceanglaítear ar stiúrthóir ar an gcuideachta é a shíniú freisin)[15]. Pléitear an tuairisceán bliantúil go mion i Leabhar Faisnéise 2 – Cuideachtaí;
- a dheimhniú gur cóipeanna dílse de na cóipeanna bunaidh iad na ráitis airgeadais atá i gceangal leis an tuairisceán bliantúil[16];
- an ráiteas maidir le cúrsaí a dhéanamh amach i gcás foirceanta nó glacadóireachta[17] (féach Leabhar Faisnéise 8, rud ina bpléitear le leachtuithe agus le glacadóireachtaí);
- an fhoirm iarratais iomchuí a shíniú, lena n-áirítear "ráiteas um chomhlíonadh", chun an chuideachta a athchlárú mar chineál difriúil cuideachta, mar shampla cuideachta phríobháideach theoranta a thiontú ina cuideachta phoiblí theoranta[18]; agus
- an dearbhú reachtúil a cheanglaítear ar chuideachta phoiblí theoranta a dhéanamh sula bhféadfaidh sí gnó a sheoladh a dhéanamh[19].

Mar oifigeach den chuideachta, tá dualgas neamhdhíreach ar rúnaí cuideachta oibleagáidí na cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí a chomhlíonadh[20]. Déanann rúnaí cuideachta mainneachtain i gcás go n-údaraíonn sé nó sí nó go gceadaíonn sé nó sí mainneachtain a dhéanamh de shárú ar a dhualgas nó a dualgas mar rúnaí. I gcás gurb amhlaidh, i gcomhlíonadh airbheartaithe aon fhorála d'Acht na gCuideachtaí, a thugann rúnaí freagra ar cheist, a dhéanann sé nó sí ráiteas, a thugann sé nó sí doiciméad ar aird, agus a fhios aige an freagra, an ráiteas nó an doiciméad a bheith bréagach, nó atá sé nó sí meargánta i seoladh a dhualgas nó a dualgas; déanann sé nó sí sárú ar Acht na gCuideachtaí.

## 2.5.2 An Dualgas chun Nochtadh

Tá oibleagáid ar an rúnaí faisnéis áirithe a nochtadh lena cur ar áireamh sa Chlár Stiúrthóirí agus Rúnaí agus i gClár Leasanna na Stiúrthóirí agus an Rúnaí. Is í seo a leanas an fhaisnéis nach mór a nochtadh:

**I gcás go bhfuil an rúnaí ina dhuine aonair nó ina duine aonair**

- ainm;
- seoladh cónaithe; agus
- dáta breithe.

**I gcás go bhfuil an rúnaí ina chomhlacht corpraithe**

- ainm corpraithe;
- a oifig chláraithe; agus
- an uimhir chláraithe agus an tír ina bhfuil sé cláraithe;

Tá dualgas ar an rúnaí ar chuideachta fógra a thabhairt don chuideachta i scríbhinn i dtaobh aon leasa atá aige nó aici i scaireanna nó bintiúir de chuid na cuideachta nó de chuid aon chomhlachta chorpraithe den ghrúpa céanna[21], agus i dtaobh aon cheannachán nó díolachán a bhaineann le scaireanna nó bintiúir den sórt sin.

15. Alt 343 d'Acht na gCuideachtaí.
16. Alt 347 d'Acht na gCuideachtaí.
17. Alt 593 d'Acht na gCuideachtaí.
18. Alt 1285 d'Acht na gCuideachtaí.
19. Alt 1010(3) d'Acht na gCuideachtaí.
20. Ailt 270 agus 271 d'Acht na gCuideachtaí.
21. Ailt 261-263 d'Acht na gCuideachtaí.

### 2.5.3 An Dualgas chun an Cúram Cuí, an Scil Shuí agus an Dúthracht Chuí a fheidhmiú

Tá dualgas ar rúnaí cuideachta an cúram cuí, an scil chuí agus an dúthracht chuí a fheidhmiú agus é nó í ag comhlíonadh a dhualgas nó a dualgas. Féadfar an rúnaí a choinneáil faoi dhliteanas i leith aon chaillteanais a eascraíonn as a fhaillí nó a faillí. Ní gá don rúnaí, áfach, méid níos mó scile ná an méid sin a bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún ó dhuine a bhfuil a leibhéal eolais agus taithí aige nó aici a thaispeáint agus é nó í ag comhlíonadh a dhualgas nó a dualgas.

### 2.5.4 Dualgais riaracháin

De bhreis ar na dualgais a fhorchuirtear go sonrach le reacht, féadfar dualgais thábhachtacha riaracháin a leithdháileadh ar rúnaí cuideachta, ar dualgais iad a bheidh ag brath ar chineál agus méid na cuideachta. D'fhéadfadh go n-áireofaí leo sin, mar shampla:

- miontuairiscí na cuideachta ar chruinnithe boird, ar chruinnithe fochoistí boird (más infheidhme) agus ar chruinnithe ginearálta a choimeád thar ceann na stiúrthóirí;
- na cláir de chuid na cuideachta[22] a choimeád agus a chur ar fáil lena n-iniúchadh thar ceann na stiúrthóirí, lena n-áirítear na cláir seo, i measc nithe eile:
  - an clár comhaltaí[23];
  - an clár stiúrthóirí agus rúnaithe[24];
  - an clár leasanna stiúrthóirí agus rúnaithe[25];
  - an clár sealbhóirí bintiúr[26];
- a chinntiú go gcomhdaítear doiciméid le Cláraitheoir na gCuideachtaí laistigh de na tréimhsí ama forordaithe, amhail tuairisceáin bhliantúla agus tuairisceáin eile na cuideachta (féach rannán 2.6);
- cumarsáid a dhéanamh le comhaltaí na cuideachta, mar shampla fógra a thabhairt do na comhaltaí i dtaobh cruinnithe de chuid na cuideachta, mionsonraí a thabhairt dóibh faoi rúin bheartaithe atá le breithniú ag cruinnithe, agus cóipeanna de na ráitis airgeadais bhliantúla a scaipeadh orthu, i measc nithe eile;
- cóipeanna de rúin speisialta agus de rúin áirithe eile a ritheann an chuideachta a sheachadadh;
- fógraí reachtúla a fhoilsiú, e.g., i nuachtáin náisiúnta, de réir mar is gá;
- aistrithe scaireanna a riar;
- tacaíocht dlí agus riaracháin a thabhairt do na stiúrthóirí;
- a chinntiú go gcuirtear cinntí an bhoird in iúl go cuí;
- séala na cuideachta a choimeád. Is gá go ginearálta go bhfuil séala na cuideachta, ar a bhfuil ainm na cuideachta le fáil, le fáil ar dhoiciméid thábhachtacha dlí a fhorghníomhaíonn cuideachta;
- a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí na cuideachta maidir lena hainm. Ceanglaítear ar gach cuideachta a hainm a phéinteáil nó a ghreamú in ionad feiceálach, i litreacha soléite, ar an taobh amuigh de gach áit ina seolann sí gnó[27]; agus
- a chinntiú go bhfuil na mionsonraí cuí le fáil ar cheann litreach na cuideachta. Ceanglaítear ainm na stiúrthóirí agus, i gcás nach náisiúnaigh Éireannaigh iad, a náisiúntacht, a thabhairt i gceann litreach gach cuideachta[28].

22. Alt 216 d'Acht na gCuideachtaí.
23. Alt 169 d'Acht na gCuideachtaí.
24. Alt 149 d'Acht na gCuideachtaí.
25. Alt 267 d'Acht na gCuideachtaí.
26. Alt 267 d'Acht na gCuideachtaí.
27. Alt 49 d'Acht na gCuideachtaí.
28. Alt 151 d'Acht na gCuideachtaí.

Ag brath ar chineál agus méid a cuideachta, féadfaidh na stiúrthóirí rúnaí cuideachta a chumhachtú agus/nó a údarú chun na nithe seo a leanas a dhéanamh, mar shampla:

- mionnscríbhinní (doiciméid dlí) a mhionnú;
- seiceanna a shíniú;
- post isteach agus amach a mhaoirisiú;
- cuntais a ullmhú;
- leabhair agus taifid na cuideachta a chothabháil; agus
- agallamh a chur ar iarratasóirí ar phost agus a gceapacháin a cheadú.

## 2.6 Tuilleadh Faisnéise

D'fhoilsigh Cláraitheoir na gCuideachtaí bileog faisnéise (Bileog Uimh. 16) dar teideal 'Rúnaí na Cuideachta'. Tá an bhileog sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Chláraitheora ag www.cro.ie agus tugtar tuilleadh mionsonraí inti faoi dhualgais an rúnaí cuideachta, lena n-áirítear:

- liosta cuimsitheach de thuairisceáin agus de dhoiciméid a bhféadfadh gur ghá iad a chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí agus na himthosca faoinar gá iad a chomhdú;
- mionsonraí faoi na teorainneacha ama le gach ceann de na tuairisceáin agus na doiciméid thuas a chomhdú;
- liosta de na hearráidí is minice atá le fáil i dtuairisceáin arna gcur faoi bhráid an Chláraitheora; agus
- liosta de rúin agus de rúin speisialta nach mór a chomhdú leis an gCláraitheoir.

## 2.7 Cumhachtaí Rúnaithe Cuideachta

Tá an t-údarás ag rúnaí cuideachta chun conarthaí a dhéanamh laistigh dá réimse inniúlachta féin, mar shampla riarachán laethúil na cuideachta. De bhreis air sin, féadfaidh rúnaí cuideachta, faoi theoiric 'an fhíorúdaráis', cuideachta a cheangal, i gcás gurb é atá sa ghníomh ná gníomh atá faoi ghnáthúdarás an údaráis, fiú i gcás nach raibh aon údarás ag an rúnaí chun gníomhú dáiríre. Lasmuigh de na gnáthréimsí údaráis atá ag rúnaí cuideachta, níl aon údarás ag rúnaí cuideachta conarthaí a dhéanamh mura dtugann na stiúrthóirí údarás sonrach dó nó dí déanamh amhlaidh.

# 3.0 Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí

## 3.1 Pionóis mar gheall ar Chionta Coiriúla

### Pionóis arna bhForchur ag an gCúirt

Faoi Acht na gCuideachtaí, déantar foráil do dhá chineál ciona choiriúla, eadhon cionta achoimre agus cionta indíotáilte. Is gnách gur de chineál níos neamh-thromchúisí atá cion achomair agus déantar é a thriail os comhair breithimh agus ní dhéantar é a thriail ach amháin sa Chúirt Dúiche. Is gnách gur de chineál níos tromchúisí atá cionta indíotáilte. Faoi mar atá amhlaidh i gcás cionta achoimre, ní fhéadfar cionta indíotáilte a thriail ach amháin sa Chúirt Dúiche agus os comhair breithimh. Is í an difríocht idir cion achomair agus cion indíotáilte, áfach, ná gurb amhlaidh, mar gheall ar an gcineál níos tromchúisí atá ag gabháil leo, a fhéadfar cionta indíotáilte a thriail sa Chúirt Chuarda, i.e., os comhair breithimh agus giúiré. I gcás go ndéantar amhlaidh, deirtear go n-ionchúisítear an cion indíotáilte ar díotáil. I gcás go n-ionchúisítear cion ar díotáil, is gnách go mbíonn na pionóis a bhforáiltear dóibh leis an dlí ar chiontú i bhfad níos airde ná mar a bheadh na pionóis dá mba rud é gur ionchúisíodh an cion go hachomair.

Faoi alt 871 d'Acht na gCuideachtaí, maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoin Acht seo a sonrófar gur cion de chuid earnáil 1 é, dlífear:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A[29] nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Go ginearálta, maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a sonrófar gur cion de chuid earnáil 2 é, dlífear:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a sonrófar gur cion de chuid earnáil 3 é, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a sonrófar gur cion de chuid earnáil 4 é, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A a chur air nó uirthi.

Féadfaidh an Chúirt ina ndéantar ciontú i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a dhearbhú nó a thaifeadadh an duine ciontaithe a ordú chun an sárú a leigheas[30].

29. Ciallaíonn "fíneáil de chuid aicme A" agus an méid seo á fhoilsiú fíneáil nach mó ná €5,000 (Foinse: An tAcht Fíneálacha, 2010).
30. Alt 872 d'Acht na gCuideachtaí.

Foráiltear le hAcht na gCuideachtaí, áfach, do smachtbhannaí i bhfad níos airde i ndáil le cionta áirithe, amhail:

- An Treoir maidir le Trédhearcacht[31] – fíneáil nach mó ná €1 mhilliún agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana a chur ar dhuine ar é nó í a chiontú ar díotáil faoin dlí maidir le trédhearcacht (margaí rialáilte)[32];
- An Treoir Réamheolaire[33] – fíneáil nach mó ná €1 mhilliún agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana a chur ar dhuine ar é nó í a chiontú ar díotáil faoi Dhlí Réamheolaire na hÉireann[34];
- An Treoir maidir le Drochúsáid Mhargaidh[35] – fíneáil nach mó ná €10 milliún agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana a chur ar dhuine ar é nó í a chiontú ar díotáil faoi dhlí na hÉireann maidir le drochúsáid mhargaidh[36];

## 3.2 Pionóis Shibhialta

### Dícháiliú

De bhreis ar fhíneálacha agus pionóis mar gheall ar chionta coiriúla, tá forálacha ann freisin maidir le smachtbhannaí eile faoi Acht na gCuideachtaí, amhail dícháiliú agus srian.

Ciallaíonn "dícháiliú" duine a bheith dícháilithe chun a cheaptha nó a ceaptha nó chun gníomhú mar stiúrthóir nó oifigeach eile, iniúchóir reachtúil, glacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir, nó chun baint nó páirt a bheith aige nó aici ar aon slí, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, i dtionscnamh, foirmiú nó bainistiú aon chuideachta[37].

Féadfar duine a dhícháiliú:

a) Trí Ordú Dícháilíochta ón gcúirt; nó

b) trí ghlacadh le Gealltanas maidir le Dícháiliú – áit a nglacann an duine leis go gcuirfear faoi dhícháiliú é nó í trí ghlacadh le gealltanas forordaithe maidir le dícháiliú agus trí é a shíniú.

### Dícháiliú Uathoibríoch[38]

Dícháilíonn an chúirt duine go huathoibríoch má chiontaítear an duine sin ar díotáil:

- in aon chion faoi Acht na gCuideachtaí nó faoi aon achtachán eile, de réir mar a bheidh forordaithe, i ndáil le cuideachta; nó
- in aon chion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht.

Beidh aon duine a ndícháilíonn an chúirt é nó í faoi réir ordú dícháilíochta ar feadh tréimhse cúig bliana nó ar feadh cibé tréimhse eile a shonróidh an chúirt. Tá oibleagáid ar an gcúirt mionsonraí faoin ordú dícháilíochta a sheoladh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí chun go gcuirfear na mionsonraí arna soláthar ar áireamh sa chlár poiblí daoine dícháilithe[39].

Féadfaidh an tÚdarás iarratas a dhéanamh chun na gCúirteanna freisin ar dhícháiliú aon duine ar roinnt foras[40], lena n-áirítear:

- é nó í a bheith ciontach in dhá chion nó níos mó i ndáil le cionta a bhaineann le taifid chuntasaíochta faoi alt 286;
- é nó í a bheith ciontach i mainneachtainí rialta faoi Acht na gCuideachtaí;
- é nó í a bheith ciontach i dtrádáil chalaoiseach nó mheargánta agus é nó í ina oifigeach nó ina hoifigeach de chuideachta.

31. Na Rialacháin maidir le Trédhearcacht (Treoir 2004/109/CE), 2007 – I.R. Uimh. 277 de 2007.
32. Alt 1382 d'Acht na gCuideachtaí.
33. Na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE), 2005 – I.R. Uimh. 324 de 2005.
34. Alt 1356 d'Acht na gCuideachtaí.
35. Na Rialacháin maidir le Drochúsáid Mhargaidh (Treoir 2014/57/AE), 2016 – I.R. Uimh. 349 de 2016 (arna leasú le I.R. Uimh. 11 de 2017 agus le I.R. Uimh. 375 de 2017).
36. Alt 1368 d'Acht na gCuideachtaí.
37. Alt 838 d'Acht na gCuideachtaí.
38. Alt 839 d'Acht na gCuideachtaí.
39. Ailt 863 agus 864 d'Acht na gCuideachtaí.
40. Alt 842 d'Acht na gCuideachtaí.

### Gealltanas maidir le Dícháiliú[41]

Is nós imeachta riaracháin é seo lena dtugtar rogha do dhuine (i gcás go bhfuil an tÚdarás den tuairim go bhfuil feidhm ag imthosca áirithe i ndáil le duine) é nó í féin a chur faoi réir a dhícháilithe nó a dícháilithe gan an gá le héisteacht chúirte a sheoladh. Féadfar leas a bhaint as an nós imeachta sin i gcás go bhfuil forais réasúnacha ag an Údarás chun a chreidiúint go bhfuil feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na himthosca a shonraítear in alt 842(a) go (i) d'Acht na gCuideachtaí maidir leis an duine[42]. Féadfaidh an tÚdarás, faoina lánrogha féin, deis a thairiscint don duine é nó í féin a chur faoi réir a dhícháilithe nó a dícháilithe. I gcás go gcuireann an duine é nó í féin faoi réir "gealltanas maidir le dícháiliú" agus go seolann sé nó sí an doiciméad um ghlacadh le dícháiliú ar ais chuig an Údarás, agus é sínithe go cuí, measfar é nó í a bheith ina dhuine dícháilithe nó ina duine dícháilithe. Tá oibleagáid ar an Údarás mionsonraí faoin dícháiliú a sheoladh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí lena gcur ar áireamh sa chlár poiblí daoine dícháilithe[43].

### Srian

Tá feidhm ag na forálacha a bhaineann le stiúrthóirí cuideachta a shrianadh[44] maidir le cuideachtaí dócmhainneacha, i.e., cuideachtaí nach bhfuil in ann a bhfiacha[45] a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite. I gcás go dtéann cuideachta faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht agus go bhfuil sí dócmhainneach, maidir le haon stiúrthóir ar an gcuideachta a mhainníonn an tÚdarás nó an Chúirt a shásamh gur ghníomhaigh sé go macánta agus go freagrach, féadfar é nó í a shrianadh ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana.

### Gealltanas maidir le Srian[46]

Is nós imeachta riaracháin é seo lena dtugtar deis don duine é nó í féin a chur faoi réir a shrianta nó a srianta gan gá a bheith ann le héisteacht chúirte a sheoladh. Féadfaidh an tÚdarás, faoina lánrogha féin, deis a thairiscint don stiúrthóir ar chuideachta dhócmhainneach é nó í féin a chur faoi réir a shrianta nó a srianta. Áireofar leis an tairiscint na himthosca, na fíorais agus na líomhaintí ba chúis leis an Údarás a bheith ag teacht ar an gcreideamh go bhfuil srianadh cuí.

I gcás go nglacann an duine leis an srianadh, agus go seolann sé an doiciméad maidir le glacadh le srianadh ar ais, agus é sínithe go cuí, seolfaidh an tÚdarás mionsonraí faoin "gealltanas maidir le srian" chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí lena gcur ar áireamh sa chlár daoine srianta[47].

Le srian den sórt sin, coisctear duine chun a cheaptha nó a ceaptha nó chun gníomhú ar aon slí, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, mar stiúrthóir nó mar rúnaí nó chun baint a bheith aige nó aici i bhfoirmiú nó tionscnamh aon chuideachta mura bhfuil sí caipitlithe go leordhóthanach[48]. I gcás cuideachta phoiblí theoranta (seachas cuideachta infheistíochta), is é €500,000 i scairchaipiteal íoctha leithroinnte an ceanglas caipitil agus, i gcás aon chuideachta eile, is é €100,000 an ceanglas caipitil. Tá cuideachta den sórt sin faoi réir rialacha níos doichte maidir le cothabháil caipitil freisin.

41. Alt 849 d'Acht na gCuideachtaí.
42. Is iad sin na himthosca a mbeadh ordú dícháilíochta mar thoradh orthu dá mba dheimhin leis an gcúirt go bhfuil feidhm acu, agus leagtar amach iad in alt 862 d'Acht na gCuideachtaí.
43. Alt 864 d'Acht na gCuideachtaí.
44. Ailt 819 agus 820 d'Acht na gCuideachtaí.
45. Alt 570 d'Acht na gCuideachtaí.
46. Alt 852 d'Acht na gCuideachtaí.
47. Alt 823 d'Acht na gCuideachtaí.
48. Alt 819(3) d'Acht na gCuideachtaí.

Aon duine a leanann de bheith i mbun oifige mar stiúrthóir ar chuideachta ar an srian a bheith ar siúl gan an chuideachta a bheith caipitlithe go leordhóthanach, measfar, gan cruthúnas ar aon rud breise, gur sháraigh sé nó sí Acht na gCuideachtaí agus díchálleofar é nó í go huathoibríoch mar stiúrthóir. **Pléitear topaic an tsrianta go mion in Aguisín B a ghabhann le Leabhar Faisnéise 3 – Stiúrthóirí Cuideachta**

Aon duine a ghníomhaíonn, i ndáil le haon chuideachta, ar mhodh nó i gcáil a mbeidh toirmeasc air nó uirthi gníomhú amhlaidh de bhua é nó í a bheith ina dhuine nó ina duine (a) atá faoi réir ordú díchálíochta, nó (b) atá faoi réir dearbhú maidir le srian, beidh sé nó sí ciontach i gcion de chuid earnáil 2[49].

## Cuideachta a Bhaint den Chlár[50]

Féadfaidh Cláraitheoir na gCuideachtaí fógra a thabhairt i dtaobh an rúin cuideachta a bhaint den chlár ar cheann ar bith de na forais seo a leanas:

- mhainnigh an chuideachta tuairisceán bliantúil a thabhairt de réir mar is gá; nó
- níl aon duine ann atá taifeadta a bheith ina stiúrthóir reatha ar an gcuideachta; nó
- thug na Coimisinéirí Ioncaim fógra gur mhainnigh an chuideachta ráiteas faoi shonraí ag cuideachtaí nua a sheachadadh; nó
- tá cúis réasúnach ag an gCláraitheoir chun a chreidiúint nach bhfuil an chuideachta ag comhlíonadh an cheanglais chun stiúrthóir a bhfuil cónaí air nó uirthi i stát de chuid LEE a bheith aici nó nach sealbhaíonn sí an banna riachtanach in éagmais stiúrthóir den sórt sin a bheith ann[51]; nó
- tá an chuideachta á foirceannadh agus tá cúis réasúnach ag an gCláraitheoir chun a chreidiúint nach bhfuil aon leachtaitheoir ag gníomhú; nó
- tá an chuideachta á foirceannadh agus níl aon tuairisceáin tugtha ag an leachtaitheoir ar feadh tréimhse 6 mhí as a chéile.

Má bhaintear cuideachta den chlár, aistreofar úinéireacht ar shócmhainní na cuideachta chuig an Stát go huathoibríoch. Fanfaidh siad faoi úinéireacht an Stáit go dtí cibé am a chuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár. Le linn don chuideachta a bheith bainte den chlár, leantar den dliteanas atá ar gach stiúrthóir, gach oifigeach agus gach comhalta de chuid na cuideachta agus féadfar é a fhorghníomhú[52] ionann is dá mba rud é nár díscaoileadh an chuideachta.

Maidir leis na nósanna imeachta a cheanglaítear a chomhlíonadh chun go gcuirfear cuideachta ar ais ar an gclár, pléitear iad in Aguisín A a ghabhann le Leabhar Faisnéise 2 – Cuideachtaí. Tá faisnéis shonrach mhionsonraithe faoi chuideachta a chur ar ais ar an gClár ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí – www.cro.ie

49. Alt 855 d'Acht na gCuideachtaí.
50. Alt 725 d'Acht na gCuideachtaí.
51. Alt 137 d'Acht na gCuideachtaí.
52. Alt 734 d'Acht na gCuideachtaí.

An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Parnell Thoir | Baile Átha Cliath 1 | D01 W5C2 | Éire
Teil.: +353 1 858 5800
Ríomhphost: info@cea.gov.ie
Gréasán: www.cea.gov.ie

Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil

An English version of this booklet is available

CEA

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority